# Nuachtlitir



Mí na Samhna 2021 | Guthán: 086 302 4158 | Oifig: 095 33613

## COVID-19

**Tá ráitéas nua eisithe ag Rialtas le feiceál ag an nasc thíos, maidir le nósanna imeachta COVID-19 agus tástáil antaigine do pháistí.** *The Government has issued a new statement regarding COVID-19 procedures and Antigen Testing for children.*

**Na nithe is tábhachtaí chun meabhrú ón ráiteas seo:** *The most important things to note from this statement are:*

- ✓ Má tá COVID-19 ar do pháiste, cur **an príomhoide** ar an eolas ar an bpointe.
  Rachaidh an príomhoide i dteagmháil le tuismitheoirí ansin chun iad a chur ar an eolas go bhfuil COVID-19 sa scoil. *If your child has tested positive for COVID-19, it is imperative that you inform the **principal** immediately. The principal will then inform other parents that COVID-19 is present in the school.*

- ✓ Tá sé ríthábhachtach meabhrú go bhfuil rúndacht i gceist anseo. **Níl cead sonraí an duine a bhfuil COVID-19 acu a roinnt.** *It is very important to remember that the person who has COVID-19 is entitled to privacy. **Their details are not to be shared.***

- ✓ **Le bhur dtoil,** coinnigí bhur bpáistí sa mbaile má tá comharthaí tinnis orthu. Más rud é go bhfuil comharthaí tinnis ar pháiste ar scoil, cuirfear tuistí ar an eolas agus beidh an spás aonrúcháin in úsáid go dtí go mbaileoidh an tuismitheoir/caomhnóir an páiste/na páistí. *We ask families to please keep their children at home if they are displaying symptoms of illness. If a child displays symptoms of illness at school, parents will be informed and the isolation area will be used until parents collect their child/children.*

- ✓ Féach an nasc thíos chun eolas chruinn a fháil ón Rialtas maidir le cásanna COVID-19 i scoileanna. *Please click the link below to access up to date information regarding COVID-19 cases in schools.*



**Nasc / Link:**

https://tinyurl.com/33swfpy8

© 2017 Create-abilities LLC All rights reserved.

# Imeachtaí na Nollag i Scoil Naomh Ciarán



### Lá na nGeansaithe Nollag

Beidh an Toy Show ar siúl ar An Aoine 26ú Samhain. Mar chéiliúradh ar seo, iarraimís oraibh geansaithe Nollaig a chaitheamh ar scoil ar an lá! Iarraimís €2 an páiste ar mhaithe le Coiste na dTuismitheoirí. *To celebrate the Toy Show, children can wear their Christmas jumpers to school on Friday 26th of Nov. We ask €2 per child for SNC Parents Committee.*

### Bronntanais na Nollaig do na Páistí

Tá Coiste na dTuismtitheoirí ag eagrú bronntanais na Nollag do na páistí arís i mbliana. Iarrtar ar thuismitheoirí €8 a chuir isteach ar scoil do chuile pháiste roimh an 3ú Nollaig. Cuirfidh an Coiste €3.50 leis an gcostas seo, mór a' bhuíochas leo. Tá muid fíorbhuíoch don Choiste as an obair leanúnach agus a gcuid cineáltas. *SNC Parents Committee are organising Christmas presents for our pupils again this year. Parents are asked to contribute €8 per child for a present before the 3rd of December, and the Parents Committee will add €3.50 per child. We are very grateful to our Parents Council for their hard work and generosity.*

### Carúil, Ceardaíocht & Cóisir na Nollag, Dé hAoine 10ú Mí na Nollag.

Faraor ní bheidh muid in-ann Seó Mór na Nollag a bheith againn i mbliana, ach ba mhaith linn an ócáid speisialta a mharcáil ar bhealach spraoiúil. Siúlfaidh muid siar Tí Richard ar mhaidin an 10ú Nollaig, agus beidh muid ag casadh carúil na Nollag agus cupla amhrán ar an bhfeadóg ar mhaithe le hOspidéal na Leanaí, Cromghlinn. Iarrtar ar thuismitheoirí cinntiú go mbeidh geansaí Nollag chomh maith le hata Santaí ag gach páiste ar an lá. Ina dhiaidh sin, tá sé eagraithe ag Coiste na dTuismitheoirí go mbeidh imeachtaí dheasa ceardaíochta & cóisir bheag ar siúl do na páistí san Ionad Pobail tar éis siúl ar ais ón siopa. Nach álainn an smaoineamh é seo! Tá muid thar a bheith buíoch as seo.



***Christmas Carols, Crafts & Party, Friday 10th Dec.***

*Unfortunately, we cannot have our Big Christmas Show this year, but we would like to mark this special occasion in a fun way. We will walk to Tí Richard on the morning of 10th December to sing Christmas Carols and play some tunes on the tin whistle, in aid of the Children's Hospital, Crumlin. Parents are asked to ensure that all children have a Christmas jumper as well as a Santa hat on the day. After that, the Parents Committee have arranged arts and crafts as well as a little party for the children at the Ionad Pobail. What a lovely idea! We are very grateful for all they do for our pupils and school.*

© 2017 Create-abilities LLC. All rights reserved.

# Imeachtaí na Nollag i Scoil Naomh Ciarán




**Lasadh an Chrainn Nollag sa Séipéal.** ***Lighting of the Church Christmas Tree.***

Beidh soilse an Chrann Nollag á lasadh ag Aifreann An tSathairn, 11ú Nollaig. Iarraimís ar ghasúir na scoile bheith i láthair chun carúil na Nollag a chasadh taobh amuigh tar éis an Aifrinn. Tá na soilse ar díol anois go háitiúil, ar mhaithe le Coiste na dTuismitheoirí. *The Christmas Lights will be switched on at Cill Chiaráin church during Saturday evening Mass, 11th December. We ask our school pupils to be present at the event to sing Christmas carols outside the church after Mass. The Christmas lights are for sale locally, in aid of The Parents Committee.*

**Buíochas**

Ár míle buíochas i gcónaí le Coiste Tuismitheoirí Scoil Naomh Ciarán, atá chomh cabhrach agus réamhghníomhach ar son pobal agus gasúir na scoile. Tá dhá bhliain thar a bheith imníoch agus deacair curtha isteach againn ar fad, agus murach an tacaíocht ón gCoiste, bheadh sé dúshlánach na himeachtaí seo a eagrú. Is scoil bheag muid, agus is treise atá muid le tacaíocht an phobal scoile. Ár míle buíochas ó chroí libh.

*Our sincere thanks to the Parents Committee of Scoil Naomh Ciarán. They have been so helpful and proactive on behalf of our entire school community and pupils. It has been a very worrying and difficult two years for us all, and we simply wouldn't be able to organise all these wonderful events without the Committee's help. We are a small school and we are stronger when supported by our school community. Ár míle buíochas ó chroí libh.*



- ✓ 26/11/2021 – Lá na nGeansaithe Nollag €2 an páiste
- ✓ 3/12/2021 - €8 le haghaidh Bronntanas Nollag
- ✓ 10/12/2021 – Carúil Ti Richard, Ceardaíocht & Cóisir (Geansaí & Hata Nollaig le caitheamh)
- ✓ 11/12/2021 – Lasadh an Chrainn Nollag ag Aifreann an tSathairn, gasúir na scoile ag canadh carúil na Nollag

© 2017 Create-abilities LLC. All rights reserved.